

# Comhairle Contae an Chabháin



## Plean Corparáideach 2015-2019



# Clár

	Lch.
Réamhrá	3
Ráiteas Misin agus Físe	5
Feidhmiú na Comhairle	6
An Chomhairle Tofa	7
Struchtúr Bainistíochta	8
Comhairle Contae an Chabháin	9
Próifíl Chontae an Chabháin	12
Athbhreithniú ar Phlean Corparáideach 2010-2014	16
Comhshaol Oibríochta	18
Ár gcuid Prionsabal	23
Cuspóirí agus Tionscnaimh Straitéiseacha agus Straitéisí	24
Athbhreithniú ar Ghnímh agus Feidhmíocht	34

## Aguisín 1 Sonraí Bunlíne

## 1. Réamhrá

Anois agus Plean Corparáideach Chontae an Chabháin 2015-2019 á fhoilsiú tá athrú gan sampla tagtha ar rialtas áitiúil agus ar sholáthar seirbhísí aitiúla. Is é an clár athchóirithe a tharla faoin Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 an t-athrú is suntasaí ar struchtúir rialtais áitiúil le breis is céad bliain. Díobhadh na trí Comhairlí Baile, bunaíodh Ceantair nua Bardasacha, athlíníodh forbairt áitiúil agus bunaíodh Uisce Éireann. Maraon le mórán athruithe eile agus méadú ar dhóchas an phobail cruthaíodh dúshláin mhóra roimh an eagraíocht anois díreach agus go ceann tréimhse an Phlean seo.

Creidimid anso i gComhairle Contae an Chabháin go bhfuilimid go maith in ann an chlár athchóirithe a chur i gcrích; déileáil mar is cóir leis na dúshláin agus scoth na seirbhísí a sholáthar don phobal. Mar Chomhairle, ní hamháin go leanaimid i gcónaí den tsoláthar agus feabhsímid tionscnaimh agus bunaímid cinn nua ar fud na rannóga seirbhísí go léir. Tá rún againn an tiomantas céanna do sheirbhísí a choimeád suas.

Is léir gur éirigh go hiontach linn le deich mbliana anuas. Aithníodh sinn ar bhonn náisiúnta, Eorpach agus domhanda ar son tionscnaimh a lean na tosaíochtaí straitéiseacha a aithníodh sa Phlean Corparáideach 2009-2014.

Tharla sé seo go léir fad is a bhí culú eacnamaíochta ar siúl in Éirinn agus laghdú mór ar mhaoiniú údarás áitiúla. Bhíodh orainn cinní an-deacair a dhéanamh agus tús áite a thabhairt do phríomhaidhmeanna straitéiseacha. Laghdaíodh an líon foirne agus léirigh an fhoireann tiomantas, solúbthacht agus beartaíocht is iad ag teacht isteach ar chleachtais nua oibre.

Sa lá atá inniu ann déantar mionscrúdú géar ar gach a bhaineann le caiteachas airgid phoiblí. Rugadh isteach riachtanais nua iniúchta agus tuairisce, dá réir sin caithfear a chinntiú go n-ullmhaítear gach tuairisc mar is cóir chun ár seirbhísí a mheas agus ceartú a dhéanamh nuair is gá.

Ní doiciméad ann féin atá sa Phlean Corparáideach; is bonn é dár mBuiséid Bhliantúla, Pleananna Soláthar Seirbhísí agus clár bhliantúla oibre. Ráiteas ó

Chomhairle Contae an Chabháin is ea an Plean Corparáideach 2015-2019 a léiríonn ár dtosaíochtaí straitéiseacha go ceann ceithre nó cúig bliana agus na bearta a chuirfear i gcrích chun iad a bhaint amach. Tá gaiscí déanta againn le blianta beaga anuas agus caithfear leanúint ar an dul céanna. Caithfear cuimhneamh ar na hacmhainní atá ar fáil agus ní féidir a bheith ró-shasta linn féin de bharr a bhfuil déanta go dtí seo.



**An Comhairleoir Shane P O'Reilly,**  
Cathaoirleach  
Comhairle Contae an Chabháin  
13 Aibreán 2015



**Ger Finn,**  
Príomhfheidhmeannach  
Comhairle Contae an Chabháin

## **2. Ráiteas Misin agus Físe**

### **Ráiteas Misin**

“Tús Áite ag an gCabhán”

### **An Fhís seo againne:**


An Cabhán a chur chun cinn mar chontae uathúil idir láthair lonnaíochta, oibre, cuairte agus gnó”

### **Ráiteas Polasaí**

Beimid mar threoir agus forbairt eacnamaíoch, sóisialta is cultúrtha ár gContae á cur chun cinn. Beidh muinín ag cách sa todhchaí, feabhsófar an cháilíocht bheatha do shaoránaigh agus cuirfear sochaí inmharthana agus cuimsitheach chun cinn.

Maidir lenár soláthar seirbhísí, cinnteoidimid an margadh is fearr a bhaint amach agus sinn freagrach as ár ngníomhartha féin.

### 3. Feidhmiú na Comhairle



## 4. An Chomhairle Tofa

### Ceantar Bardasach Coill an Chollaigh-Muinchille:

---

Brady Carmel	Fine Gael	Curtin Fergal,	Fianna Fáil
Kelly Clifford	Fianna Fáil	McDonald Paddy	Sinn Féin
Smith Val	Fine Gael	Smyth Niamh	Fianna Fáil

### Ceantar Bardasach Baile Shéamais Dhuibh

---


Bennett Winston	Fine Gael	Brady Philip	Fianna Fáil
Connell Noel	Sinn Féin	O'Reilly Paddy	Fine Gael
O'Reilly Shane	Fianna Fáil	Smith Paddy	Fine Gael

### Ceantar Bardasach An Cabhán-Béal Tairbirt

---

Argue Madeleine	Fine Gael	Brady Damian	Sinn Féin
Feeley John Paul	Fianna Fáil	Greenan Eugene	Sinn Féin
McVitty Peter	Fine Gael	Smith Sean	Fianna Fáil

## 5. Struchtúr Bainistíochta





## **6. Comhairle Contae an Chabháin**

### **Ar gCuid Oibre: Na Réimsí Lárnacha Seirbhísí**

---

#### **Roinn Seirbhísí A: Tithíocht agus Foirgníocht**

Soláthar Tithíocht Shóisialta  
Bainistiú Eastát  
Cothabháil Tithíochta  
Iasachtaí agus Deontais Tithíochta  
Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean  
Cóiríocht don Lucht Siúil

#### **Roinn Seirbhísí B: Bóithre agus Iompar**

Dearadh Bóithre  
Tógáil  
Cothabháil Bóithre  
Bainistiú Tráchta  
Sábháilteacht Bóithre  
Soilsiú Poiblí  
Carrchlóis

#### **Roinn Seirbhísí C: Seirbhísí Uisce**

Comhaontú Leibhéal Seirbhísí le Uisce Éireann

#### **Roinn Seirbhísí D: Pleanáil agus Forbairt**

Seirbhísí Pleanála  
Rialú Foirgníochta  
Forbairt Eacnamaíoch  
Oidhreacht  
Pobal agus Fiontar  
Forbairt agus cur chun cinn Turasóireachta  
Eastáit Tithíochta gan Chríochnú  
Bainistiú Maoine

## **Roinn Seirbhísí E: Cosaint Comhshaoil**

Monatóireacht Rialachán Dramhaíola

Oibriú Seirbhísí Dóiteáin

Sábháilteacht Struchtúr agus Láithreacha

Coiscitheacht Dóiteáin

Glantachán Sráide

Caomhnú

Reiligí

Rialú Madraí

Cáilíocht Uisce

## **Roinn Seirbhísí F: Caitheamh Aimsire agus Conláistí**

Cothabháil Spás Poiblí

Cothabháil Limistéir Allamuigh Fóillíochta

Forbairt Spórt agus Caitheamh Aimsire

Seirbhísí Leabharlainne

Amharclanna

An Músaem

## **Roinn Seirbhísí G: Talmhaíocht, Sláinte agus Leas**

Seirbhísí Tréidliachta

## **Roinn Seirbhísí F: Seirbhísí Ilchineálacha**

Bainistiú Airgeadais

Oibriú Rátaí Tráchtála

Mótarcháin

## Suirbhé um Shástacht Chustaiméara 2013

---

I 2013, Rinne Comhairle Contae an Chabháin Suirbhé um Shástacht Chustaiméara. Chuige sin dearadh Ceistneoir um Shuirbhé Seirbhísí a bhí cuimsitheach agus inrochtana don phobal.

Ar dtús iarradh ar an bhfreagróir cén roinn san Údarás Áitiúil a bhí i gceist, cad ba chúis leis an dteagmháil agus conas a tharla.

Bhí ceithre mhír sa cheistneoir a scrúdaigh na modhanna éagsúla teagmhála le hÚdaráis Áitiúla an Chabháin, níor ghá ach an mír a bhain le gnó an fhreagróra a líonadh.

Ar deireadh lorgáíodh eolas ginearálta faoinár seirbhísí, bhain na ceistanna leis na foirmeacha iarratais agus tuairimí faoinár seirbhísí custaiméara. Cuireadh na freagraí san áireamh agus an Plean Corparáideach á fhorbairt againn. Tá an tuairisc iomlán ar fáil ar ár suíomh idirlín [www.cavancoco.ie](http://www.cavancoco.ie)

## Aitheantas dár gcuid Gaiscí

---

Ullmhaíodh Plean Corparáideach 2010-2014 fad is a bhí deacrachtaí móra eacnamaíochta ar bhonn náisiúnta a chuir isteach go mór ar chomhshaol oibríochta na n-údarás áitiúla. Toisc gur méadaíodh ar dhífhostaíocht, bhí breis éileamh ar sheirbhísí mar

- tithíocht shóisialta
- laghdú ar ioncaim
- laghdú ar dheontais ón rialtas Iarnach

a chuir brú mór ar Comhairle Contae an Chabháin. Is dócha gurb é an gaisce ba mhó atá deanta againn ná gur bainistíodh na fadhbanna úd agus ár gcuid seirbhísí le linn na tréimhse úd, rud nach raibh éasca ar ndóigh.

Mar Bhuiséad Bliantúil don bhliain 2009 bhí €70.5milliún. Mar Bhuiséad Bliantúil don bhliain 2015 tá €54,356,751, laghdú €16milliún. Trí atheagrú na heagraíochta, cur le héifeacht, solúbthacht agus tiomantas foirne d'éirigh linn ár gcuid acmhainní a bhainistiú agus leanúint dár soláthar seirbhísí áitiúla.

In ainneoin na ndeacrachtaí go léir, aithníodh an saothar seo againne i réimsí eagsúla. Tá na sonraí ar fáil inár dTuarascálacha Bliantúla ag [www.cavancoco.ie](http://www.cavancoco.ie) ach ar na príomhghradaim tá:

- Gradam Domhanda Turasóireacht Fhreagarthach 2014
- Gradam EDEN Turasóireacht Inrochtana 2013
- Gradaim Feabhas sa Rialtas Áitiúil ag Cumann Lucht Trachtála Éireann agus san áireamh bhí “Údarás Áitiúil na Bliana” i 2011.

## 7. Próifíl Chontae an Chabháin

---

Tá An Cabhán suite i gCeantar na Teorann ar an M3 (N3) ó thuaidh ó Bhaile Átha Cliath. Tá teorainn ag an gCabhán le sé chontae; Liatroim Siar, Fear Manach agus Muineachán ó Thuaidh, An Mhí Soir ó Dheas, Longfort Siar ó Dheas agus An Iarmhí ó Dheas.

Tá An Cabhán sínte le Fear Manach sa Tuaisceart ar feadh 70 Cm agus é ar an 19<sup>ú</sup> contae is lú agus an 8<sup>ú</sup> is lú daonra i measc na 32 contae. Limistéar droimlíneach is mó atá againn mar a bhfuil an-chuid lochanna agus cnoc beaga. Ceantar sléibhtiúil is ea an tIarthuaisceart agus radharcanna breátha le feiceáil ann.

Baineadh an tEolas Staitisticiúil seo a leanas as “Achoimre Staitisticiúil Chontae an Chabháin” a d’ullmhaigh Aonad Cuimsiú Sóisialta Chomhairle Contae an Chabháin.

## Déimeagrafaíocht

---

- Tháinig méadú 14.3 faoin gcéad ar dhaonra an chontae idir 2006 agus 2011, beagnach a dhá oiread an ráta fáis ar fud an Stáit (8.2%) agus tá sé anois mar 73,183.
- Leathnaigh an daonra sa cheantar thart fá bhaile an Chabháin agus bhí méadú in áiteanna leis i ndeisceart an chontae (atá anois laistigh de chrios comaitéarachta Bhaile Átha Cliath). Níl an líon céanna daoine i gceantar Iarthar an Chabháin.
- Is sa Chabhán atá an dara ráta is airde don inimirce (16.9% in aghaidh 1,000 daonra) i ndiaidh Laois (23.8%). Cruthúnas is ea é sin go bhfuiltear in ann an-chuid daoine a mhealladh chun cónaí anso seachas i gcontaetha eile.
- Tá sciar maith daoine óga sa Chabhán (23.55%) i gcomparáid leis an Stát ar an iomlán (21.35%). Tá sciar níos airde daoine scothaosta againn ná meán an Stáit leis, 2.12 % sa Chabhán i gcomparáid le 11.66 % go náisiúnta.
- Tá 'ráta spleáchríche' 55.42 % sa Chabhán, a bhog i dtreo leibhéil aird i gcomparáid le Reigiún na Teorann (35.4%) agus an Stát (33%)

## Gnóthú Oideachais

---

- Idir 2006 agus 2011 níor tháinig laghdú 2.9 faoin gcéad orthusan nach raibh acu ach an bunoidéachas, 16% a bhí ann sa bhliain 2011. Tá a leithéid de rátaí, bunoidéachas amháin, ard go leor mar 30% in áiteanna ach go háirithe in Iarthar an Chontae.
- Mhéadaigh an líon sa Chabhán ag a bhfuil oideachas tríú leibhéil ó 8.3% i 1991, go 23.3% i 2006 agus laghdaigh fíorbheagán 1.1 pointe faoin gcéad go 22.2% i 2011. Is fíor, áfach, go bhfuil an fás úd laistigh de 20 bliain fós go maith faoi bhun an mheáin náisiúnta (13.9 pointe faoin gcéad i gcomparáid le 11.66 % go náisiúnta).

## Bochtanas agus Toirmeasc Sóisialta

---

- I 2010, bhí €17,300 ioncam sochaite in aghaidh an duine sa Chabhán i gcomparáid le €21,515 i Bhaile Átha Cliath agus meán náisiúnta €19,318.
- Tá 27.6% den daonra os cionn 65 a chónaíonn ina n-aonar.
- Chuaigh an cúlú eacnamaíochta i bhfeidhm ar an gCabhán; ba léir é sin mar d'ísligh an scór fíoreaspa ó -2.8 i 2006 go -11.0 i 2011. Sin laghdú 8.2, i gcomparáid le 6.5 ar fud na tíre.
- Tá cuid mhaith ceantar tuaithe sa chontae a bheadh sa chatagóir faoi bhac.
- Bhí ráta 16.8% do teaghlaigh tuismitheoirí aonair i 2011; níl sé sin in aon chor chomh hard leis an meán náisiúnta. Laistigh den chontae, is ag Béal Tairbirt Uirbeach (33.1%) agus An Cabhán Uirbeach (31.9%) atá rátaí atá i bhfad níos airde ná an meán náisiúnta (21.6%).

## Fostaíocht agus Gníomhaíocht Eacnamaíoch

---

- De réir daonáireamh 2011 bhí 7,331 nó 21.2 % den lucht iomlán oibre dífhostaithe, méadú 4,810 i gcomparáid le 2006.
- Tháinig méadú thar cuimse ar líon na bhfear díomhaoin sa chontae, bhí 3,290 sa bhreis ó 2006 go 2011. Ní raibh cás na mban chomh dona céanna, méadú 1,520 a bhí acu. Fir ab ea 65% den líon iomlán dífhostaithe sa chontae i 2011.
- Mí Eanáir 2015, bhí 5,888 duine sa chontae ar an gclár beo, laghdú ón mbeann 7,462 a tharla in Eanáir 2011.
- Is iad Seirbhísí Proifisiúnta is Tráchtáil agus Trádáil anois na hearnála is mó (breis is 11,000 duine). Tá 3,056 (2012) comhlacht sa Chabhán cláraithe do CBL agus tacaíonn Fiontar Éireann le 80 comhlacht.

- I gcónaí riamh b'iad an talmhaíocht agus gníomhartha teagmhasacha a bhíodh mar bhonn faoi gheilleagar an Chabháin. Aithníonn an CSO An Cabhán ar na contaethe is mó a bhraitheann ar fhostaíocht talmhaíochta.
- Tionscal mór sa Chabhán is ea na muca. Tá breis is an cúigiú chuid de mhuca na tíre sa Chabhán.
- Tagann líon mór cuairteoirí thar sáile chugainn agus tá an contae go maith i gcomparáid le contaethe atá sínte linn. Is fíor, áfach, nach bhfuil An Cabhán (agus réigiún na teorann go ginearálta) chomh maith san do thurasóirí ag caitheamh airgid. De réir figiúirí turasóireachta bhí 772k cuairteoir i 2013, líon i bhfad níos lú ná an Iarthar (1168k) nó an Iardheiscirt (1411k).

Bíonn tionchar ag patrúin daonra, geilleagair agus sochaí ar chinntí a dhéanamh agus soláthar seirbhísí a phleanáil. Ní mór gan dabht athruithe sa tsochaí a thuiscint chun cuspóirí straitéiseacha a leagan amach don todhchaí. Mar phríomhsholáthraí seirbhísí áitiúla caithfidh eolas a bheith againn ar na hathruithe úd chun straitéisí agus pleananna a bhunú dá réir.

## 8. Athbhreithniú ar Phlean Corparáideach 2010-2014

---

Doiciméad cuimsitheach straitéiseach ab ea Plean Corparáideach Údarás Áitiúla an Chabháin 2010-2014 a threoraigh is a bhí mar bhonn faoi phróiseas cinntí na Comhairle ar feadh tréimhse an phlean. Ullmhaíodh é nuair a bhí neamhchinnteacht ann toisc an chúlú eacnamaíochta, laghdú suntasach ar dheontais ón rialtas lárnach agus brú mór ar shruthanna áitiúla ioncaim.

Baineann dúshláin mhóra leis na deacrachtaí céanna agus idir bhaill agus foireann freagraíodh go maith don rialú timpeallachta chomh fada agus ab fhéidir. Ní haon áibhéil a rá gurbh é an gaisce ba mhó againn ná gur bainistíodh na fadhbanna úd idir airgid agus foirne le linn na tréimhse úd chun na srianta ar ár gcuid seirbhísí a laghdú.

D'aithin Plean Corparáideach 2010-2014 sé cinn de Thosaíochtaí Straitéiseacha do Comhairle Contae an Chabháin mar a leanas:

1. Pobal
2. Geilleagar
3. Comhshaol
4. Bonneagar
5. Idirghníomhaíocht
6. Maoirseacht

Ní féidir na sonraí go léir faoi ghníomhaíochtaí Chomhairle Contae an Chabháin a lua faoi na ceannteidil ar fad, ach anso thíos tá sampla de na gníomhaíochtaí straitéiseacha ba mhó le ceithre bliana anuas. Gheofar eolas ar ár ngníomhaíochtaí agus cóipeanna de thuarascálacha bliantúla idir 2010 agus 2014 ag

[www.cavancoco.ie](http://www.cavancoco.ie).

- An Branda “Seo An Cabhán!” a fhorbairt
- Uaimheanna Marble Arch agus Geopháirc Domhanda
- Tionscnaimh Bonneagar Bóithre mar Bhóthar Rochtain Thoir go Lár Bhaile an Chabháin agus seachród Bhéal Tairbirt.
- Uasgrádú ar Uisce agus Fuíolluisce Bhaile an Chabháin



- Forbairt Eagraíochta: Comhoibriú chun Athbheochana
- Ionad Idirnáisiúnta Gasóga Chaisleán Sandarsan
- Páirtíocht SÍOCHÁIN III i dtreo Síocháin agus Athmhuintearais
- Díriú ar inrochtaineacht thar réimsí lárnacha feidhmíochta
- Straitéis Aitiúil Bochtanas agus Imeachadh Sóisialta (LAPSIS) do Chontae an Chabháin
- Plean Straitéiseach Páirtíochta Spóirt an Chabháin 2013-2015
- Gréasán ceannairí IDÉAL a bhunú (Imeachadh, Éagsúlacht, Comhionannas agus Tacaoise)
- Féilte agus ócáidí mar Fhleadh Cheoil na hÉireann agus Blas an Chabháin
- Réimse iomlán bonneagar athchúrsála agus dualgais soláthar na n-áiseanna céanna a chomhlíonadh faoin bPlean Réigiúnach Bainistiú Dramhaíola.
- Clár Caomhnú Uisce
- 93 aonad nua Tithíocht Shóisialta a thógáil sa Chontae
- Cur le gníomhaíocht ar na Meáin Sóisialta
- Polasaí um Fheasacht Mheabharshláinte don bhfoireann.
- Plean Imeachadh Sóisialta Inmheánach d'Údarás Áitiúla an Chabháin
- Bainistiú Díograiseach Airgeadais

## 9. Comhshaol Oibríochta an Chabháin 2015-2019

Tá dúshlán romhainn anois agus amach anseo. Tharla athrú thar a bhfacthas riamh ar ról agus struchtúr na n-údarás áitiúla. Tá an-tionchar ar ár ngno agus ár gcuid cinní ag athruithe struchtúir, seirbhísí i bpáirt, comhaontuithe nua seirbhísí i bpáirt, riachtanais dlíthiúla agus rialachais is mionscrúdú pobail.

### Comhshaol Seachtrach Oibríochta

---

Tá comhshaol seachtrach oibríochta againn atá beo ach éiginnte agus mórán gnéithe ag dul i bhfeidhm air, cuid acu nach bhfuil aon smacht againn féin orthu. Ag seo a leanas cuid de na tionchair a rachaidh i bhfeidhm ar ár bpróiseas cinní go ceann tréimhse an phlean:

#### Tosca Polaitiúla

- Socruithe nua rialachais chun cur i r tédhearcacht agus freagarthacht
- Méadú ar rannpháirtíocht an phobail sa phróiseas daonlathach
- Polasaí rialtais agus treoracha AE a chur i bhfeidhm
- Méadú ar idirghníomhaíocht le ranna eile seachas an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Aitiúil
- Neamhchinnteacht ag leibhéal náisiúnta tar éis Olltoghchán 2016
- Druidim i leith rialtas comhoibritheach áitiúil sa pholasaí náisiúnta

#### Tosca Eacnamaíoch

- Rátaí arda dífhostaíochta
- Iomaíochas i measc gnóthaí áitiúla
- Teach ar mhargaí nua mar shampla bia/ gnó talmhaíochta Fómhar 2020
- Imeacht an aisghabháil náisiúnta eacnamaíoch
- Geilleagar na teorann

#### Tosca an tSochaí

- Próifíl agus Patrúin deimeagrafaíochta
- Inimirce
- Méadú daonra agus coimheas ard spleáchríche
- Méadú ar dhóchas an phobail
- Síocháin agus athmhuintearas

## **Tosca Teicneolaíochta**

- Teicneolaíochtaí nua ag teacht chun cinn
- Slándáil córas eolais
- Méadú ar úsáid fearas cliste
- Teacht ar leathanbhanda ardluais agus seirbhísí móibíleacha

## **Tosca Comhshaoil**

- Rialacháin Chomhshaoil
- Athrú aeráide agus méadú ar dhoineann rídhona
- Cáilíocht Uisce

## **Tosca Dlíthiúla**

- Creat dlíthiúil agus rialachais ag dul i gcastacht
- Reachtaíocht nua

## **Comhshaol Inmheánach Oibríochta**

---

Seachas na tosca seachtracha thuasluaite, tá tosca inmheánacha ag baint le treoir a thabhairt do Chomhairle Contae an Chabháin go ceann na mblianta atá romhainn amach. Orthusan tá mar shampla:

### **An Chomhairle Tofa**

Tacú leis na baill tofa sa ról leathan atá anois acu faoi na struchtúir nua rialtais áitiúil. A chinntiú go mbíonn an t-eolas uasdátaithe cuí ag na baill tofa ar fheidhmíocht polasaí na Comhairle. Tacú mar is cóir leis an nGrúpa Polasaí Corparáideach

(CPG), Coiste Polasaí Straitéiseach (SPC) agus coistí uilig na Comhairle.

**Pleanáil lucht oibre**

Ní mór pleanáil ar aghaidh i gcás imeacht ar scor, riachtanais gnó is oiliúna agus dálaí nuair nach gceaptar foireann nua.

**Athrú ar cheachtais oibre**

Beidh gá le riachtanais nua seirbhíse, struchtúir nua ceantar agus b'fhéidir le méadú ar shocruithe seirbhísí i bpáirt

**Ceantair Bhardasacha**

Caithfear a chinntiú go dtacaítear mar is cóir le ceantair bhardasacha. Struchtúir nua ceantar a athrú ó cheithre go trí cinn de réir na gCeantar mBardasach.

**Cumarsáid Eolais**

An leas is fearr agus is féidir a bhaint as tecneolaíocht nua go hintéarnach

**Cumas Teicneolaíochta (TEC)**

Seirbhísí a chur ar fáil ar gach aon ardán nuair is féidir

**Bainistiú Feidhmíochta**

An Córas Bainistiú Forbartha Feidhmíochta a chur i gcrích go hiomlán, Táscairí nua Seirbhíse faoi réir athbhreithniú ag an gCoiste Náisiúnta Maoirsiú agus Inúchta (NOAC), agus tuairisciú míosúil. Géilleadh do riachtanais iniúchta laistigh agus lasmuigh.

**Forbairt Foirne**

Ní mór mianach iomlán gach ball foirne a bhaint amach agus meas a bheith ar an méid a dhéanann siad chun Cuspóirí an Phlean Corparáideach a bhaint amach.

**Bainistiú Airgeadais**

Tá gá le stuaim i mbainistiú airgeadais; ní mór an leas is fearr a bhaint as sruthanna ioncaim, a

chinntiú go mbeidh siad inmharthana go ceann na mblianta amach romhainn agus a bheith freagrach i gcaitheamh airgid phoiblí.

### **Caidreamh Poiblí**

Caithfear íomhá dearfach a léiriú do Chomhairle Contae an Chabháin; leagfar béim ar ghaiscí agus glacfar le cáineadh ar bhonn dearfach chun soláthar seirbhísí a fheabhsú.

### **Éifeachtúlacht**

Ní mór níos mó a bhaint amach as acmhainní laghdaithe agus an éifeachtúlacht a fheabhsú

## **Deiseanna sna blianta amach romhainn**

---

Cé go nglacfar leis na dúshláin beidh tionchar ag tosca eile laistigh agus lasmuigh ar chinntí go ceann na mblianta amach romhainn agus caithfimid a thuiscint go bhfuil mianach sa Chabhán chun seirbhísí agus oibriú a fheabhsú.

Caithfimid mar eagraíocht agus mar phobal a chinntiú go bhfuilimid réidh chun leas a bhaint as deiseanna pé áit a bheidh seans leas a bhaint ar son cúrsaí sóisialta, cultúrtha nó eacnamaíoch an Chontae.

Tá dualagas orainn, ní hamháin an Chomhairle mar eagraíocht, ach an Contae iomlán a chur chun tosaigh maidir le nuáil agus modhanna nua gnó is seirbhísí. Féadfar dul chun cinn a dhéanamh sna réimsí seo a leanas:

- todhchaí rialtais áitiúil agus seirbhísí sa Chabhán a mhúnlú
- leanúint den sárobair maidir le hinrochtaineacht do chách
- treoir a thabhairt trí sheirbhísí a sholáthar ar bhonn costéifeachtach agus éifeachtúil
- leanúint de chur chun cinn an bhranda “Seo An Cabhán” agus ár dtáirge turasóireachta
- leas a bhaint as ár ról ceannaireachta chun páirtithe cuí leasmhara a bhreith le chéile agus chun oibriú i bpáirt i dtreo tionscnamh lárnacha straitéiseacha
- treoir a thabhairt trí theicneolaíocht nua

- tacú le tionscal áitiúil agus é a éascú chun cur le fostaíocht áitiúil inmharthana
- An Cabhán a chur chun cinn mar chontae uathúil idir láthair lonnaithe, oibre, cuairte agus gnó
- Leas a bhaint as sruthanna maoinithe a bheidh ag teacht chun cinn

### **Chun an méid sin a bhaint amach ní mór:**

<b>Straitéis:</b>	cuimhneamh ar an bhfadtearma
<b>Oibriú i bPáirt:</b>	oibriú le dreamanna eile ag baint leas as acmhainní gann
<b>Foghlaim:</b>	tábhacht an fheabhas leanúnach trín bhfoghlaim a thuiscint
<b>Nuáil:</b>	teacht ar mhodhanna nua oibre
<b>Caomhnú Náúir:</b>	leas a bhaint as buanna nádúrtha don turasóireacht, fóillíocht agus bitheagsúlacht éiceolaíoch
<b>Múnla:</b>	an áit fhéin, bonneagar, rannpháirtíocht i ndaonlathas agus dearcadh ó lasmuigh ar an gCabhán

Beidh an Plean Corparáideach seo mar threoir ag Comhairle Contae an Chabháin is iad ag plé leis na dúshlán agus ag baint leas as na deiseanna a bheidh romhainn go ceann na gceithre bliana atá le teacht.

## **10. Ár gCuid Prionsabal**

---

Ag éirí as aiseolas agus i gcomhar leis an bhfoireann, is iad ár gcuid prionsabal a bheidh mar bhonn faoinár saothar iomlán.

Déanfar tréaniarracht ar iad siúd a léiriú agus sinn ag plé le cách idir pobal is eagraíochtaí nó ag soláthar seirbhísí.

<b>Ionracas</b>	→	an fhírinne a insint
<b>Cúirtéis</b>	→	béasa is meas ar chách
<b>Cúnamh</b>	→	cabhair don chomharsa
<b>Uaillmhian</b>	→	torthaí a bhaint amach
<b>Nuáil</b>	→	smaointe nua a phlé
<b>Dul chun cinn</b>	→	feabhsú gan stad
<b>Freagracht</b>	→	dáiríre faoinár ndualgas
<b>Iontaofacht</b>	→	beart de réir ár mbriathar
<b>Cuimsiú</b>	→	fáilte roimh éagsúlacht
<b>Díograis</b>	→	cuspoirí a bhaint amach

Mairfidh Comhairle Contae an Chabháin trí na prionsabail chéanna sa chaint is sa chaidreamh againn agus i dtógáil cinntí. Ar an gcuma san cruthófar éiteas a bheidh go hiomlán dearfach i leith na foirne, Baill Tofa, páirtithe leasmhara agus úsáideoirí seirbhísí.

## **11. Cuspóirí agus Tionscnaimh Lárnacha Straitéiseacha agus Straitéisí**

## **Cuspóir Straitéiseach Uimh. 1: Tacaíocht Phobail**

---

“Forbróidh Comhairle Contae an Chabháin polasaithe agus seirbhísí chun cur le creatlach Contae an Chabháin idir an pobal, cúrsaí geilleagair agus sóisialta. Éascófar chomh fada agus is féidir rannpháirtíocht na saoránach i bhforbairt phobail agus an chontae i dtreo muinín a chur sa todhchaí, an cáilíocht bheatha a fheabhsú do chách agus sochaí sábháilte, cóir agus cuimsitheach a bhunú.”

Straitéisí Tacaíochta

### **1. Forbairt Phobail**

- a. Tacaíocht agus aitheantas a thabhairt d’eagraíochtaí pobail is deonach agus a gcuid gaiscí.
- b. Tacú leis an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC).
- c. Ról Chomhairle Contae an Chabháin a chur chun cinn i bhforbairt is gníomhaíochtaí pobail.
- d. Tacú leis an Struchtúr Ceantar Bardasach mar phointe comhtheagmhála dár gcuid pobal.

### **2. Rannpháirtíocht**

- a. Rannpháirtíocht daonlathach a spreagadh sa Chabhán do gach aoisghrúpa.
- b. Tacú le hionadaithe pobail ar choistí Chomhairle Contae an Chabháin.
- c. A chinntiú go gcuirtear polasaithe uilig ag Comhairle Contae an Chabháin faoi bhráid an phobail trí chomhairliúchán.
- d. Breis forbairt a dhéanamh ar ár ndealramh ar líne agus sna meáin sóisialta.

### **3. Cáilíocht Bheatha**

- a. Seirbhísí a sholáthar ar bhonn leanúnach chun tacú le cáilíocht bheatha agus í a fheabhsú do chách.
- b. Prionsabail rochtain uilíoch agus foghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn do chách.



- c. Nósanna sláintiúla maireachtála agus gníomhaíocht fhisiciúil a chur chun cinn trí Phlean Stráitéiseach ag an bPáirtíocht Spóirt.

#### **4. Imeascadh**

- a. Sochaí cuimsitheach ciomhionannais a chruthú do chách.
- b. Imeascadh sóisialta agus rochtain uilíoch a dhaingniú inár soláthar seirbhísí.

#### **5. Ealaíon agus Cultúr**

- a. Seirbhísí, áiseanna agus deiseanna an chontae a chur chun cinn idir ealaíon, leabharlann agus cultúr.
- b. Tacú leis an bPáirtíocht Áitiúil Ealaíon san Oideachas.
- c. Gréasán a fhorbairt le comhlachtaí eile chun saothar ealaíon ón gCabán a chur chun cinn.
- d. Clár a fhorbairt thart ar an gceiliúradh náisiúnta ar an dtréimhse 2015 go 2018.

#### **6. Sábháilteacht an Phobail**

- a. Seirbhís dóiteáin a sholáthar a bheidh muiníneach, freagrach agus ag a mbeidh dóthain acmhainní.
- b. Sábháilteacht an phobal a chur chun cinn.
- c. Athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Mórreigeandála.

## **Cuspóir Straitéiseach Uimh. 2:**

### **Gníomhaíocht Inmharthana Eacnamaíoch a Spreagadh**

“Déanfaidh Comhairle Contae an Chabháin a dícheall spiorad an fhiontair a spreagadh, a mholadh is a chothú agus an mianach iomlán a bhaint amach d’acmhainní eacnamaíoch an chontae. Aithnítear go forleathan an tábhacht bhunúsach a bhaineann leis an dTalmhaíocht maidir le fás eacnamaíoch a aisghabháil agus fostaíocht a chruthú sna blianta atá romhainn, go mórmhór sna réimsí próiseáil bia.”

Straitéisí Tacaíochta

#### **1. An Geilleagar**

- a. An Plean Áitiúil agus Eacnamaíoch Pobail a chur i gcrích.
- b. Tacú leis an Oifig Fiontair Pobail lena ról a chur i gcrích.
- c. Polasaithe agus cláir a chur in oiriúint chun gníomhaíocht eacnamaíoch a spreagadh is a chruthú.
- d. Gníomhaíocht eacnamaíoch tuaithe a éascú.
- e. Tionscadail a thacóidh le fostaíocht sa talmhaíocht a spreagadh fad is atá athruithe nua-aimseartha ar bun san earnáil chéanna mar athstruchtúir, forbairt ar an margadh agus an tábhacht a bhaineann le ceisteanna comhshaoil.
- f. A chinntiú go ndírítear mar is cóir ar chumas bonneagair sna cuspóirí tacaíochta straitéiseacha a bhaineann le cumas bonneagair.
- g. Tionscadail tábhachtacha bonneagar a bhrú ar aghaidh i dtreo tacú le fostaíocht áitiúil is í a bhunú.

#### **2. Turasóireacht**

- a. A chinntiú go mbainistítear mar ba chóir dreach aestéitiúil an chontae .
- b. An leas is fearr agus is féidir a bhaint as an mianach atá i bhforbairt táirge Turasóireacht an Chabháin.
- c. Polasaithe agus cláir a fhorbairt chun An Cabhán a dhaingniú mar an láthair is fearr in Éirinn don turasóireacht inrochtana.

- d. Polasaithe agus cláir a fhorbairt chun ionracas an bhranda “Seo An Cabhán” a chosaint agus chun an lucht cuí éisteachta a shroichint.

### **3. Comhoibriú**

- a. Comhoibriú praiticiúil a spreagadh is a éascú idir páirtithe leasmhara a bhaineann le forbairt eacnamaíoch i dtreo beocht a chur sa gheilleagar áitiúil.
- b. Acmhainní a roinnt chun ceangal agus naisc dhearfacha a bhunú le páirtithe straitéiseacha.

### **4. Ionaid Uirbeacha a Fhorbairt**

- a. Straitéis Mhiondíola a ullmhú is a fheidhmiú
- b. Ar mbailte agus sráidbhailte a neartú is a dhaingniú mar láithreacha tábhachtacha do shaol na ndaoine idir thráchtála agus pobail.

### **5. Pleanáil don Todhchaí**

- a. Seirbhís phleanáil ar aghaidh a dhearadh a eascóidh agus a spreagfaidh an fhorbairt eacnamaíoch agus a chosnóidh freisin oidhreacht nádúrtha agus ailtireachta an Chabháin.
- b. Polasaí Straitéiseach Fuinnimh a ullmhú is a fheidhmiú don Chontae.
- c. Cláir a fhorbairt do thosaitheoirí sa lucht oibre i dtreo taithí agus deiseanna cuí a bheith acu le gairm beatha a bhaint amach sa Chabhán.

## **Cuspóir Straitéiseach Uimh. 3:**

### **Acmhainní Náúrtha Comhshaoil Chontae an Chabháin a Chosaint is a mhaisiú**

“Déanfaidh Comhairle Contae an Chabháin de réir cosaint, caomhnú agus maisiú comhshaoil nádúrtha agus ailtireachta an Chontae chun tairbhe glúnta an lae inniu agus iad siúd atá le teacht.”

Straitéisí Tacaíochta

#### **1. Cáilíocht Uisce**

- a. An Comhaontú Leibhéil Seirbhísí le Uisce Éireann a fheidhmiú.
- b. Infheistíocht i mbonneagar uisce agus fuíolluisce.
- c. Caomhnú uisce a chur chun cinn.
- d. Ceantar Abhantrach.

#### **2. Cáilíocht an Chomhshaoil**

- a. Feasacht comhshaoil a chothú sa phobal mór agus sna scoileanna
- b. Tacú le Coistí Áitiúla Bailte Slachtmhara.
- c. An Plean Réigiúnach Bainistiú Dramhaíola a fheidhmiú.
- d. Tacaíocht agus spreagadh don Ghníomhaíocht Inmharthana Eacnamaíoch trí dhreach aestéitiúil an chontae a fheabhsú, tréigint a laghdú, glantachán sráide agus oibríochta feabhsúcháin i mbailte agus sráidbhailte.

#### **3. Oidhreacht**

- a. Aidhmeanna cuí agus gnímh an Phlean Oidhreachta Contae a bhreith isteach i bpolasaithe agus cuspóirí.  
An mianach is mó a bhaint as comhshaoil nádúrtha agus ailtireachta chun tacú leis an gCuspóir um Ghníomhaíocht eacnamaíoch a spreagadh is a chruthú.
- b. An mianach is mó a bhaint as comhshaoil nádúrtha agus ailtireachta chun tacú leis an gCuspóir um Ghníomhaíocht Inmharthana

Eacnamaíoch a Spreagadh agus leis an straitéis tacaíocht turasóireachta.

#### **4. Cosaint Aibhneacha agus Lochanna**

- a. Reachtaíocht agus rialachais a fheidhmiú lena chinntiú go gcosnaítear aibhneacha agus lochanna ar dhíobháil chomhshaoil.
- b. Athbhreithniú ar an Straitéis um Bhainistiú Tuillte.

### **Cuspóir Straitéiseach Uimh. 4:**

#### **Cumas Bonneagar a Phleanáil agus a Fhorbairt**

---

“Bainfidh Comhairle Contae an Chabháin an leas is fearr as bonneagar chun deiseanna forbartha um chruthú post agus feabhas ar cháilíocht beatha a spreagadh”

Straitéisí Tacaíochta

#### **1. Rochtain agus Lúdracht**

- a. Clár ilbhliantúil oibríochta bóthar a bhunú is a sholáthar.
- b. Saothrú leis an Údarás Bóithre Náisiúnta chun maoiniú a aimsiú d’uasghrádú agus feabhsúcháin an Ghreásán Bóithre Náisiúnta sa Chontae.
- c. Clár bliantúil cothabháil gheimhridh a sholáthar.
- d. Roghanna inmharthana seachas mótar a sholáthar do mhuintir na háite is turasóirí araon agus iad a chur chun cinn.
- e. Brú a chur chun lúdracht sa réigiún agus leis an Tuaisceart a fheabhsú
- f. Bonneagar a sholáthar chun tacú le geilleagar an eolais.
- g. Na cuspóirí atá i bPleananna Forbartha an Chontae agus Baile an Chabháin is an Dúthaigh Maguaird a chur i bhfeidhm.

#### **2. Tithíocht**

- a. Straitéis Tithíochta an Chontae a chur i bhfeidhm.
- b. Clár Bliantúil um Infheistíocht i dTithíocht Shóisialta a fhorbairt chun an Straitéis Náisiúnta Tithíochta a fheidhmiú ag leibhéal áitiúil.

- c. Clár bliantúil Pleanálta um Chothabháil agus Aischoiriú a fheidmiú chun cáilíocht agus feidmiú fuinnimh an stoc tithíocht sóisialta a fheabhsú.
- d. Cuspóirí an Chlár um Chóiríocht don Lucht Siúil a chur i bhfeidhm.
- e. Córais feidhmithe a bhunú don Íocaíocht um Chúnamh Tithíochta.

### **3. Uisce**

- a. An Comhaontú Leibhéal Seirbhísí le Uisce Éireann a fheidmiú agus oibriú i dtreo bonneagar uisce agus fuíolluisce an Chontae a fheabhsú.
- b. Córais Chóireála agus Bailithe Uisce is Fuíolluisce do Bhaile an Chabháin a chríochnú mar thosaíocht do Chontae an Chabháin.

### **4. Dramhaíl**

- a. Forbairt ar bhonneagar inmharthana um bhainistiú dramhaíola a chur chun cinn.

### **5. Bonneagar Conláistí agus Caitheamh Aimsire**

- a. Iniúchadh conláistí a ullmhú don Chontae agus Plean Gníomh a ullmhú i dtreo uasghrádú nó soláthar áiseanna nua sóisialta, cultúrtha nó caitheamh aimsire tar éis 2020.
- b. An Bealach Gorm (uiscebhealach na Sionainne Éirne) a fhorbairt.
- c. Bealaí Glasa a mhaisiú agus cinn nua a fhorbairt.
- d. Leanúint de sheirbhísí nua-aimseartha leabharlainne a sholáthar.

## **Cuspóir Straitéiseach Uimh. 5:**

### **Íomhá Dearfach de Chomhairle Contae an Chabháin agus den Chontae a Chothú**

“Leanfaidh Comhairle Contae an Chabháin d’íomhá dearfach den eagraíocht, dár seirbhísí agus den chontae ar an iomlán a chur chun cinn. Fógróimid An Cabhán ar bhonn áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta chun leas an chontae. Cinnteoidimid go mbeidh seirbhís phroifisiúnta inrochtana ar fáil chun freastal ar riachtanais phobal an Chabháin agus cuairteoirí araon.”

Straitéisí Tacaíochta

#### **1. Seirbhísí Custaiméara**

- a. Ár bPlean Gnímh Seirbhísí Custaiméara a fheidhmiú agus athbhreithniú a dhéanamh ar shástacht custaiméirí le seirbhísí le linn tréimhse an Phlean Corparáideach
- b. Clár um Bhainistiú Caidreamh Custaiméara a fheidhmiú.
- c. Tionscadail a fhorbairt chun an leas is fearr a bhaint as mianach Teicneolaíocht Eolais agus Cumarsáide (TEC) sa tsoláthar seirbhísí.
- d. Cur chuige a thuigeann cúrsaí litearthachta laistigh de Chomhairle Contae an Chabháin.
- e. Cláir oiriúnacha oiliúna a sholáthar a dhíreoidh ar seirbhísí ardchaighdeán chustaiméara.

#### **2. Ár bPróifíl a Fheabhsú**

- a. Ceannaireacht láidir a léiriú laistigh de ról gníomhach a dhéanfaidh comhordú idir gníomhaíochtaí na n-áisiúnta áitiúla agus grúpaí pobail chun torthaí den scoth a bhaint amach.
- b. Brú ar aghaidh ag leibhéil náisiúnta agus idirnáisiúnta chun gníomhaíochtaí tráchtála a chruthódh fostaíocht a mhealladh go dtí An Cabhán.

- c. Díriú ar pholasaithe agus cláir a chuirfidh le cáil agus próifíl an Chontae.
- d. Díriú go speisialta ar phróifíl saothar na Comhairle.

### **3. Trédhearcacht sa phlé leis an bPobal**

- a. A chinntiú go gcuirtear tuairimí ó chomhairliúchán poiblí san áireamh i ngach aon pholasaí.
- b. Ár ndealramh mar atá ar na meáin sóisialta a fhorbairt agus freagairt go dearfach do mheáin nua.
- c. A chinntiú go mbíonn dóthain cleachtais i bhfeidhm chun déileáil le gearáin in am tráth.



## **Cuspóir Straitéiseach Uimh. 6:**

### **Dea-rialachas agus Cumas Eagraithe a Mhéadú**

“Cinnteadh Comhairle Contae an Chabháin acmhainní na Comhairle a úsáid go héifeachtúil, go héifeachtach agus go tíosach trí fhorbairt foirne, feabhsú cleachtas agus prionsabail dea-rialachais a chur i bhfeidhm ar gach dá mbíonn ar siúl againn.”

Straitéisí Tacaíochta

#### **1. Bainistiú Airgeadais**

- a. A chinntiú go n-ullmhaítear an buiséad bliantúil ar bhonn réalaíoch de réir na riachtanas reachtúla.
- b. A chinntiú go dtuigeann Coimeádaithe Buiséid na dualgais agus riachtanais tuairiscithe a ghabann leis an bpost.
- c. Ról an Oifigigh Fhála a fhorbairt chun díriú ar thíosacht san eagraíocht.
- d. Clár Feasacht a fhorbairt ar ról na nIníochóirí Inmheánacha agus Seachtracha agus an Choiste Iniúchta.
- e. Aonad tiomanta Rialú Cairde a bhreith isteach.
- f. A chinntiú go mbíonn margadh maith ar fáil sa tsoláthar seirbhísí.

#### **2. Pleanáil don Lucht Oibre**

- a. An Plean don Lucht Oibre mar a ceadaíodh ag an Roinn a fheidhmiú.
- b. Polasaí Soghluaiseacht Foirne a chur i bhfeidhm.
- c. Leanúint den athbhreithniú ar struchtúir na heagraíochta laistigh de pholasaí rialtais, gá áitiúil agus acmhainní a bhíonn ar fáil.

#### **3. Córas Forbairt Bainistiú Feidhmíochta (PMDS)**

- a. Geilleadh ar bhonn 100% don gcóras PMDS.
- b. A chinntiú go mbíonn an córas PMDS mar bhonn faoin bPlean Bliantúil um Oiliúint agus Forbairt.

## 4. Rialachas

- a. Cur leis na cleachtais rialachais i gComhairle Contae an Chabháin.
- b. An Córas Bainistiú Riosca a athbhreithniú is a uasdátú go rialta.
- c. Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn.
- d. Oiliúint agus tacaíocht leanúnach a sholáthar do na Baill Tofa chun a gcuid sainorduithe daonlathacha a chomhlíonadh.
- e. A chinntiú go mbíonn tuairiscí ábhartha ar fáil i bhformáid inrochtana in am tráth chun cinntí a éascú.
- f. A chinntiú go gcuirtear Cuspóirí Corparáideacha san áireamh mar is cóir sna Pleananna Ranna Soláthar Seirbhísí
- g. Dóthain tacaíocht riarachán a sholáthar don Ghrúpa Polasaí Corparáideach (CPG) agus Coiste Iniúchta.
- h. Tuairiscí Míósúla Bainistíochta a sholáthar do na Baill Tofa.

## Tionscnaimh Lárnacha Straitéiseacha

---

Chun a chinntiú go sroictear an Cuspóirí Straitéiseacha leagfar amach gnímh áirithe, spriocanna agus caighdeáin sa Phlean Bliantúil Soláthar Seirbhísí ag Comhairle Contae an Chabháin.

É sin ráite, áfach, d'aithin an chomhairle na Cuspóirí Lárnacha Straitéiseacha seo a leanas lena gcur chun cinn go ceann tréimhse an Phlean Chorporáideach:

### Tacú le Pobal Gníomhach

- An Gréasán Páirtíocht Phoiblí a fhorbairt chun an mianach atá ann a bhaint amach go hiomlán.
- Na cuspóirí pobail atá sa Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail a chur i bhfeidhm.
- Tacú leis an bPáirtíocht Áitiúil Ealaíon san Oideachas

## **Gníomhaíocht Eacnamaíoch a Spreagadh**

- Páirc Bhoireann an Chabháin (céim II)
- Eastát Caisleán Sandarsan
- Páirc Foraoise Coillidh Chaoin
- Geopháirc Domhanda Uaimheanna Marble Arch
- Cuspóirí an Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail a chur i bhfeidhm
- Oifig Fiontar Áitiúil

## **Acmhainní Nádirtha Comhshaoil a Chosaint agus a Mhaisiú**

- Príomh-mholtaí an Straitéis um Bhainistiú Tuillte a fheidhmiú.
- An Plean Oidhreachta Contae a fheidhmiú.

## **Cumas Bonneagar a Phleanáil agus a Fhorbairt**

- Tús a chur le hathbhreithniú ar an bPlean Forbartha Contae.
- Clár Bliantúil Oibríochá Bóthar chun bonneagar bóithre a fheabhsú.

## **Íomhá Dearfach Comhairle Contae an Chabháin agus an Chontae a chur chun cinn**

- Bainistiú éifeachtach ar ócáidí straitéiseacha mar An Cháisc 2016, Blas an Chabháin, Féile Siúlóide an Chabháin.
- Breis forbairt ar an mbranda “Seo An Cabhán”.

## **Dea-rialachas agus cur le Cumas Eagraithe**

- Plean don Lucht Oibre a chur i bhfeidhm.
- Suirbhé Sástacht Chustaiméara.
- Aonad tiomanta Rialú Cairde a bhunú.

## **12. Athbhreithniú ar Ghnímh agus Feidhmíocht**

Déanfar athbhreithniú ar ghnímh agus feidhmíocht de réir Plean Corparáideach 2015-2019 trí na modhanna seo a leanas:

1. Tuairiscí Míosúla um Bhainistiú chuig na Baill Tofa
2. Bunú Táscairí Feidhmíochta aitheanta ag an gCoiste Náisiúnta Maoirsiú agus Inúchta (NOAC)
3. Dearadh agus monatóireacht Pleananna Bliantúla Soláthar Seirbhísí
4. Athbhreithniú bliantúil ar an bPlean Corparáideach ag an nGrúpa Polasaí Corparáideach
5. Pleananna Ranna Seirbhísí mar a mbeidh spriocanna intomhaiste feidhmíochta á gcur le chéile agus monatóireacht a dhéanamh orthu.
6. Tuairiscíú Airgeadais agus san áireamh beidh Ráitis Bhliantúla Airgeadais agus Tuairiscí Iniúchta
7. Buiséid Bhliantúla
8. An Córas Bainistiú Forbartha Feidhmíochta
9. Athbhreithniú tar éis glacadh leis an bPlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail

### **Sonraí Bunlíne:**

Cuimsítear sa Phlean na sonraí cuí ardleibhéil maidir le feidhmíocht reatha feidhmeanna is seirbhísí lárnacha Chomhairle Contae an Chabháin, iad bunaithe ar na Táscairí Feidhmíochta a d'fhorbair an Coiste Náisiúnta Maoirsiú agus Inúchta (NOAC). Leagtar amach an staid reatha mar atá i dtaca leis an modheolaíocht tomhaiste do na réimsí lárnacha feidhme. Ar an gcuma san bunaítear bunlíne sonraí ardleibhéil bunaithe agus dírithe ar thorthaí ar fud na reimsí feidhme go léir a úsáidtear don chomparaid ó bhliain go chéile. Leagtar amach an t-eolas in Aguisín 1.